# Ceisteanna Samplacha

## Réamhrá

Ullmhaíodh an t-ábhar samplach a chuirtear i láthair anseo chun tacú le forbairt ghairmiúil múinteoirí. Tugtar nod leathan ann maidir le cineálacha agus struchtúir na míreanna measúnaithe a d'fhéadfaí a úsáid chun na torthaí foghlama i sonraíocht Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí a mheas ag leibhéal comónta. Mar sin féin, ní sraith iomlán é de na cineálacha agus na struchtúir a d'fhéadfaí a úsáid. Ba cheart na míreanna a chuirtear san áireamh a léamh mar shamplaí de phíosaí aonair d'ábhar measúnaithe; ní scrúdpháipéir iomlána ná codanna de scrúdpháipéir iad. Ní ceisteanna iomlána ná codanna de cheisteanna ó scrúdpháipéar iad, ná ní dhéantar iarracht iontu an chuma a d'fhéadfadh a bheith ar an scrúdpháipéar a athchruthú, mar shampla, mar leabhrán comhtháite a chuimsíonn na ceisteanna agus an spás le haghaidh fhreagraí na scoláirí.

Tá an tsonraíocht le haghaidh Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí, mar aon leis na treoirlínte measúnaithe, le fáil ar www.curriculumonline.ie.

**Ceist**



**Gutháin phóca á n-úsáid níos mó in Éirinn ná aon áit eile sa domhan thiar, dar le staitisticí domhanda**

*Irish Independent, 27 Lúnasa 2015*

Mínigh costas sóisialta **amháin** agus costas comhshaoil **amháin** a bhaineann le húsáid a bhaint as guthán póca.

Costas Sóisialta:

________________________________________

________________________________________

Costas Comhshaoil:

________________________________________

________________________________________

## Ceist

Seo a leanas sliocht as ráiteas bainc Sheáin Uí Chéileachair.

| Dáta | Sonraí faoin Idirbheart | Íocaíochtaí – Amach | Íocaíochtaí – Isteach | Iarmhéid |
|---|---|---|---|---|
| 01 Bealtaine 2017 | IARMHÉID AR AGHAIDH | | | 945.00 |
| 02 Bealtaine 2017 | TESCO | 125.00 | | 820.00 |
| 02 Bealtaine 2017 | PICTIÚRLANN ODEON | 36.00 | | 784.00 |
| 05 Bealtaine 2017 | Aistarraingt UMB (ATM) | 50.00 | | 734.00 |
| 08 Bealtaine 2017 | IONAD GLEACAÍOCHTA SO FLYEFIT | 45.00 | | 689.00 |
| 12 Bealtaine 2017 | CAFÉ BRAVA | 12.98 | | 676.02 |
| 14 Bealtaine 2017 | JK MOTORS | | 1050.00 | 1726.02 |
| 15 Bealtaine 2017 | TRAVEL REPUBLIC | 345.00 | | 1381.02 |
| 21 Bealtaine 2017 | BORD GÁIS: DD | 53.78 | | 1327.24 |
| 22 Bealtaine 2017 | Morgáiste Bhanc na hÉireann | 690.00 | | 637.24 |

Agus tú ag baint úsáid as an ráiteas bainc a thugtar, sainaithin sampla **amháin** de gach ceann díobh seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Foinse ioncaim | |
| Foinse caiteachais sheasta | |
| Foinse caiteachais neamhrialta | |
| Foinse caiteachais lánroghnaigh | |

## Ceist

Tá Oilbhe ag iarraidh cuntas reatha nua a oscailt. Ós rud é go n-íoctar í ag deireadh na mí, is minic a bhíonn **rótharraingt** ag teastáil uaithi chun costais a chlúdach sula dtagann a tuarastal isteach. Mar sin, is féidir lena cuid íocaíochtaí le haghaidh an bhille leictreachais agus billí eile a íocann sí trí **dhochar díreach** nó trí **bhuanordú** a bheith mall. Tá sí ag smaoineamh ar chuntas a oscailt le An Post nó le Permanent TSB.

Tháinig sí ar an eolas seo a leanas ar líne (www.ccpc.ie):

| | Cuntas Cliste An Post | Cuntas Iniúchta Permanent TSB |
|---|---|---|
| Táille le haghaidh aistarraingt UMB: | € 0.60 | € 0.00 |
| Íocaíochtaí gan tadhall: | € 0.00 | € 0.00 |
| Táille cheannaigh le haghaidh cárta dochair: | € 0.00 | € 0.00 |
| Táille le haghaidh idirbheart airgeadóra i mbrainse: | € 0.00 | € 0.00 |
| Idirbheart Idirlín: | € 0.00 | € 0.00 |
| Táillí íocaíochta | | |
| Táille le haghaidh dochar díreach: | € 0.00 | € 0.00 |
| Táille le haghaidh buanordaithe: | € 0.00 | € 0.00 |
| Táillí maidir le neamhíoc | | |
| Seic/dochar díreach curtha ar ais ón gcuntas: | € 2.50 | € 10.00 |
| Buanordú gan íoc: | € 0.00 | € 10.00 |
| Buntáistí | | |
| Aisairgead | Tá aisairgead ar fáil ag na miondíoltóirí rannpháirteacha | Faigheann custaiméirí € 0.10 ar ais ar gach idirbheart a dhéantar sa siopa nó ar líne lena gcárta dochair. Is féidir aisairgead dar luach suas le € 5 a thuilleamh gach mí. |
| Airgead éigeandála | Is ea – tá € 200 in aghaidh an lae ar fáil in Oifigí an Phoist | Ligeann an tsaoráid seo d'aon chustaiméir de chuid Permanent TSB airgead éigeandála dar luach € 20, € 50 nó € 100 a aistarraingt. Gearrtar € 2 ort gach uair a úsáideann tú an tseirbhís seo. |
| Baincéireacht shoghluaiste | Is ea | Is féidir le custaiméirí Permanent TSB leas a bhaint as Aip Baincéireachta Soghluaiste, Baincéireacht Téacs agus Foláirimh Théacs. |
| Táille ráithiúil: | € 15.00 | € 12.00 |

(a) Mínigh cad is brí leis na **trí** théarma seo a leanas:

| Téarma | Míniú |
|---|---|
| Rótharraingt | |
| Dochar Díreach | |
| Buanordú | |

(b) Bunaithe ar an eolas a thugtar, cén cuntas – Cuntas Cliste An Post nó Cuntas Iniúchta Permanent TSB – a mholfá d'Oilbhe? Tabhair **trí** chúis le do fhreagra.

Moladh:

_______________________________________________

Cúis 1:

_______________________________________________

_______________________________________________

Cúis 2:

Cúis 3:

## Question

Cheannaigh Sadhbh péire jíons ar líne. Nuair a tháinig na jíons coicís ina dhiaidh sin, thug Sadhbh faoi deara go raibh an zip ar na jíons briste. Ba mhaith le Sadhbh na jíons a sheoladh ar ais agus aisíoc a fháil. Níl sí ábalta an zip a dheisiú agus, dá bhrí sin, níl sí in ann na jíons a chaitheamh.

(a) Ainmnigh gníomhaireacht **amháin** a thabharfaidh eolas do Shadhbh faoina cearta tomhaltóra maidir le siopadóireacht ar líne.

______________________________________________

(b) An bhfuil Sadhbh i dteideal aisíoc a fháil? Tabhair cúis le do fhreagra.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

(c) Cad iad na céimeanna a d'fhéadfadh Sadhbh a thógáil chun cúiteamh a lorg?

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

## Ceist

Tá Brian Ó Broin fostaithe mar chúntóir siopa. 35 uair sa tseachtain a ghnáthsheachtain oibre ach uaireanta déanann sé ragobair. Is é a bhunphá ná € 420 ar sheachtain 35 uair. Íoctar pá ragoibre de réir am go leith d'aon uaireanta breise a oibríonn sé. D'oibrigh sé 40 uair ar an deireadh seachtaine dar chríoch 01/03/16.

Íocann Brian ÍMAT ar ráta 20% agus MSU ar ráta 4% dá ollioncam. Is é a chreidmheas cánach bliantúil ná € 3,300. Íocann sé € 40 as árachas sláinte agus infheistíonn sé 75 i gciste coigiltis. Baineann a fhostóir an dá shuim seo óna phá.

Seo a leanas cóip de dhuillín pá Bhriain Uí Bhroin.

**Ainm:** **Brian Byrne**
**Uimhir PPS:** **85674952B**
**Dáta:** **01/03/16**

| | | |
|---|---|---|
| Bunphá | € | |
| Ragobair | € | |
| **Pá Comhlán** | | € |
| Creidmheas Cánach | | |
| **Asbhaintí** | | |
| ÍMAT | € | |
| MSU | € | |
| Árachas Sláinte | € | |
| Coigilteas | € | |
| **Asbhaintí Iomlána** | | € |
| **Glanphá** | | € |

(a) Comhlánaigh duillín pá Bhriain Uí Bhroin.

Taispeáin do chuid oibre go soiléir sa spás thíos.

(b) Mínigh cad is brí leis na téarmaí seo a leanas:

| TÉARMA | MÍNIÚ |
|---|---|
| Bunphá | |
| Ragobair | |
| Pá comhlán | |
| MSU | |

## Ceist

Beidh Cáit ag tosú i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh i mí Mheán Fómhair. Tá an-imní uirthi faoin gcaoi is fearr lena cuid airgid a bhainistiú. Dúirt tuismitheoirí Cháit go n-íocfaidís as a lóistín ach ní mór di gach costas eile a bhainistiú í féin. Tá sé socraithe ag Cáit go ndéanfaidh sí a hioncam agus a caiteachas míosúil a phleanáil lena fheiceáil conas a d'fhéadfadh sí a bheith níos ullmhaithe do shaol na hollscoile.

Ar an gcéad dul síos, tá sé beartaithe ag Cáit iasacht do mhac léinn dar fiú € 3,000 a fháil chun cabhrú léi íoc as táillí iontrála na hollscoile. Faigheann sí an t-eolas seo a leanas ó shuíomh gréasáin an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, bunaithe ar iasachtaí do mhac léinn de chuid AIB agus Bhanc na hÉireann. Tá sí buartha faoi na rioscaí a bhaineann le hiasacht a fháil, áfach, ar eagla nach mbeadh sí in ann í a aisíoc.

| | AIB<br>Iasacht Phearsanta do Mhac Léinn | Banc na hÉireann<br>Iasacht do Mhac Léinn |
|---|---|---|
| Do chuardach ar iasachtaí | | |
| Méid na hIasachta (€) | € 3,000.00 | € 3,000.00 |
| Téarma na hIasachta (blianta) | 1 | 1 |
| Aisíocaíochtaí Míosúla (€) | € 261.22 | € 262.76 |
| Costas iomlán an chreidmheasa (€) | € 134.68 | € 153.16 |
| Costas iomlán an chreidmheasa (€) | € 3134.68 | € 3153.16 |
| Sonraí na hiasachta [e] | | |
| An ráta céatadánach bliantúil (APR): | 8.5% | 9.7% |
| Roghanna tarraingthe anuas: | Tarraingt anuas amháin | Tarraingt anuas amháin |
| Roghanna aisíocaíochta solúbtha: | Aisíocaíochtaí rialta comhaontaithe ar feadh an téarma chomhaontaithe, agus íocaíocht chnapshuime den mhéid atá fágtha gan íoc ag deireadh an téarma. Tá rogha ann freisin na haisíocaíochtaí a chur ar athló agus íocaíocht chnapshuime amháin a dhéanamh ag deireadh an téarma. | Is féidir an iasacht a íoc gach seachtain, gach coicís nó gach mí. |
| Tréimhse dea-mhéine gan ús | Dada | Dada |
| Cineál ráta: | Athraitheach | Athraitheach |
| Táillí bunaithe: | € 0 | € 0 |

(a) Bunaithe ar an eolas a thugtar, an molfá Iasacht Mac Léinn de chuid AIB nó Iasacht Mac Léinn de chuid Bhanc na hÉireann do Cháit? Tabhair cúis le do fhreagra.

Moladh:

_______________________________________________

_______________________________________________

Cúis:

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

(b) Déan cur síos ar **dhá** riosca do Cháit a bhaineann le hiasacht a fháil chun íoc as táillí iontrála na hollscoile.

Riosca 1:

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

Riosca 2:

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

(c) Tá tuismitheoirí Cháit ag tabhairt liúntas € 150 di in aghaidh na míosa chun cuidiú léi a cuid costas a chlúdach. Chuir sí € 3,600 i dtaisce óna post samhraidh. Bainfidh sí úsáid as an airgead sin chun cuidiú léi a céad bhliain san ollscoil, idir Meán Fómhair agus Bealtaine, a mhaoiniú.

Ríomh ioncam beartaithe Cháit in aghaidh na míosa.

---

Taispeáin do chuid oibre sa bhosca thíos.

Mar chuid dá plean, tá Cáit ag déanamh scrúdú ar a caiteachas míosúil beartaithe. Agus úsáid á baint as áireamhán caiteachais ar líne, sonraítear a caiteachas beartaithe sa tábla thíos:

| MÍR | MINICÍOCHT | IOMLÁN IN AGHAIDH NA MÍOSA | CATAGÓIR (Seasta, Neamhrialta, Lánroghnach) |
|---|---|---|---|
| Ag dul amach | € 55 in aghaidh na seachtaine | € 220 | |
| Éadaí/Bróga | | € 100 | |
| Caife/ Sneaiceanna | € 3 in aghaidh an lae | € 60 | |
| Fótachóipeáil | | € 20 | |
| Lón | € 7 in aghaidh an lae | € 140 | |
| Creidmheas gutháin | | € 70 | |
| Pictiúrlann/ Seónna | | € 5 | |
| Aisíoc iasachta | | € 260 | |

(d) (i) Cuir caiteachas Cháit in aghaidh na míosa i gcatagóirí sa tábla a thugtar. Bain úsáid as na catagóirí seo a leanas:

a. Caiteachas seasta
b. Caiteachas neamhrialta
c. Caiteachas lánroghnach

(ii) Tarraing píchairt chun caiteachas Cháit in aghaidh na míosa a léiriú trí úsáid a bhaint as na trí chatagóir a thugtar.

Taispeáin do chuid oibre sa bhosca thíos.

(e) Ríomh an difríocht idir ioncam beartaithe agus caiteachas beartaithe Cháit.

Difríocht:

______________________________________________

Taispeáin do chuid oibre sa bhosca thíos

| |
|---|
| |

(f) Bunaithe ar phlean Cháit agus ar do thorthaí, mol **dhá** chéim a d'fhéadfadh Cáit a thógáil chun aghaidh a thabhairt ar a staid airgeadais. Tabhair cúis le gach moladh.

Moladh 1:

______________________________________________

Cúis:

______________________________________________

______________________________________________

Moladh 2:

Cúis:

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

## Ceist

Is mac léinn é Tomás. Oibríonn sé ar bhonn páirtaimseartha le comhlacht tógála. Cabhraíonn sé leis an mbríceadóireacht agus déanann sé stroighin leis an meascthóir stroighne. Tugadh clogad oibre agus seaicéad sofheicthe dó nuair a thosaigh sé ag obair agus tugadh timpeall an tsuímh thógála é. Bhain cúpla gortú beag dó ar an suíomh. Ní raibh fonn air an méid sin a insint dá fhostóir toisc go bhfaigheann sé pá maith agus go bhfuil sé ag iarraidh a bheith ag obair san earnáil tógála nuair a bhíonn sé críochnaithe sa choláiste. Thit sé de scafall le déanaí tar éis do roinnt dá chomhghleacaithe a bheith ag pleidhcíocht ar an ardán. Níl sé cinnte an bhfuil ábhar gearáin aige.

(a) Cén áit ar féidir le Tomás eolas a fháil faoina chearta fostaíochta? Ainmnigh rogha **amháin**.

(b) Ón tuiscint atá agat ar chearta fostaíochta, an gceapann tú go bhfuil ábhar gearáin ag Tomás? Tabhair cúis le do fhreagra.

## Ceist



Tá post an-aisteach ag Aoife Uí Leathlobhair agus ag Niamh Uí Shearbháin de Barra: cabhraíonn siad le sióga bogadh isteach i dtithe agus i ngairdíní ar fud an domhain trí dhoirse sióige adhmaid Éireannacha ar ardchaighdeán a tháirgeadh.

Tá cúigear déag fostaithe ag Comhlacht na nDoirse Sióige Éireannacha (The Irish Fairy Door Company) san am i láthair. Thosaigh an comhlacht ag trádáil i mí Lúnasa 2013. Ó shin i leith, tá beagnach 500,000 táirge díolta aige ar fud an domhain.

Is iad príomh-mhargaí an ghnólachta Éire, an Ríocht Aontaithe agus Ceanada, ach tá táirgí seolta aige chuig níos mó ná 120 tír.




Creideann Aoife agus Niamh gur chóir go mbeadh sióg ina cónaí le gach páiste. Chun é sin a bhaint amach, díolann siad a gcuid doirse agus oiriúintí sióige sna mílte siopa ar fud an domhain. Cuireann siad ábhar seachtainiúil ar fáil ar líne freisin. Ní hamháin go bhfuil Aoife agus Niamh ag díol táirgí fisiciúla, tá siad ag forbairt "Gleann na Síog", domhan digiteach ar líne, agus sraith theilifíse nua freisin.

*Foinse: The Irish Times, 12 Meitheamh 2017*

(a) Cén fáth a bhfuil Aoife agus Niamh ina bhfiontraithe rathúla, dar leat? Tabhair **dhá** chúis le do fhreagra.

Cúis 1:

Cúis 2:

(b) Díolann Comhlacht na nDoirse Sióige Éireannacha táirgí thar lear. Mol **dhá** bhuntáiste don chomhlacht a bhaineann lena gcuid táirgí a dhíol thar lear.

Buntáiste 1:

Buntáiste 2:

(c) Tá an Ríocht Aontaithe ar cheann de phríomh-mhargaí an chomhlachta. Déan cur síos ar **dhá** bhealach ina bhféadfadh an Breatimeacht (Brexit) tionchar a imirt ar an gcomhlacht. Is é an Breatimeacht cinneadh na Ríochta Aontaithe an tAontas Eorpach a fhágáil.

Cúis 1:

Cúis 2:

(d) Tá Aoife agus Niamh ag tacú lena dtáirgí fisiciúla trí infheistíocht a dhéanamh i ndomhan digiteach ar líne agus i sraith theilifíse nua. Déan cur síos ar dheis amháin agus ar dhúshlán amháin a chruthaíonn an plean margaíochta seo do Chomhlacht na nDoirse Sióige Éireannacha.

Deis:

Dúshlán:

### Ceist

Is sreang d'ionaid spraoi laistigh do pháistí é Fun Kidz. Tá 10 mbrainse ar fud na tíre. Tá áiteanna súgartha iontu le haghaidh leanaí, lapadán agus páistí suas go dtí 12 bhliain d'aois, lena n-áirítear seomra dioscó agus páirc peile laistigh.

Tá Fun Kidz ag iarraidh a chuid díolachán a mhéadú agus tá sé ag smaoineamh ar sheirbhís turas scoile a chur ar fáil i ngach ceann de na 10 mbrainse. Thug an fhoireann mhargaíochta faoi thaighde margaidh chun tuairimí na gcustaiméirí a fháil faoi na turais scoile. Iarradh ar 50 custaiméir i ngach ceann de na 10 n-ionad spraoi ceistneoir a chomhlánú.

Scrúdaigh Caitríona Uí Shé, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Fun Kidz, an fhaisnéis a bailíodh faoi na turais scoile atá beartaithe. Cuirfear freagraí ar cheisteanna agus sonraí pearsanta na gcustaiméirí i mbunachar sonraí leictreonach. Déanfar an bunachar sonraí a roinnt leis na 10 n-ionad spraoi uile.

(a) Maidir le liosta na bhfoinsí faisnéise sa tábla thíos, taispeáin cad iad na modhanna taighde phríomhúil trí thic a chur in **dhá** bhosca.

- Cárta tuairimí do chustaiméirí ☐
- Suíomh gréasáin iomaitheora ☐
- Sainiris cheirde ☐
- Ceistneoir ☐

(b) Mol spriocmhargadh/spriocghrúpa **amháin** eile a bhféadfadh Caitríona a thuairim a fháil faoi na turais scoile. Tabhair cúis le do fhreagra.

Spriocmhargadh:

Cúis:

(c) Tá Caitríona ag sábháil na faisnéise uile ó na ceistneoirí ar an mbunachar sonraí leictreonach. Déan cur síos ar bhuntáiste **amháin** agus ar mhíbhuntáiste **amháin** a bhaineann le bunachair shonraí leictreonacha a úsáid chun faisnéis a stóráil.

Buntáiste:

Míbhuntáiste:

Trí mhí ina dhiaidh sin tugann Caitríona faoi deara nach bhfuiltear róghnóthach ó thaobh áirithintí turais scoile de. Tá Caitríona ag smaoineamh ar an straitéis cur chun cinn a athrú. Léirítear san aiseolas a fuarthas nach bhfuil a fhios ag custaiméirí cén áit a bhfaightear eolas faoi na turais scoile. Taispeántar san fhíor thíos an leathanach gréasáin de chuid **Fun Kidz** a bhaineann le cur chun cinn a thuras scoile. Síleann Caitríona gur cheart an leathanach gréasáin a fheabhsú le níos mó áirithintí a fháil. Tá sí ag smaoineamh ar ghnéithe nua a chur san áireamh chun é a dhéanamh níos tarraingtí.

| Baile | Láithreacha | Áiseanna | Teagmháil |
|---|---|---|---|

# FUN KIDZ

## Cuir do thuras scoile in áirithe

Praghas: €7.50 IN AGHAIDH AN PHÁISTE
Pacáistí difriúla ar fáil faoi choinne grúpaí naíolainne, naíonraí, gasóg, foirne spóirt agus campaí samhraidh. Tá na háiseanna seo a leanas againn:

- Trealamh súgartha idirghníomhach - lena n-áirítear sleamhnáin, linnte liathróidí, drea-padóireacht rópaí, cleas na bacóide, srl.
- Páirc peile laistigh
- Limistéir shábháilte ar leith le haghaidh aoisghrúpaí éagsúla
- Seomra dioscó

Cuir glaoch ar Chaitríona ag (01) 4538465 chun tuilleadh eolais a fháil nó chun áirithint a dhéanamh.

(d) Síleann Caitríona gur cheart an leathanach gréasáin a fheabhsú le níos mó áirithintí a fháil agus tá sí ag smaoineamh ar ghnéithe nua a chur san áireamh.

Mol **dhá** ghné a cheapann tú gur chóir di a chur san áireamh. Tabhair cúiseanna le do fhreagra.

Gné 1:

Cúis:

Gné 2:

Cúis:

(e) Seachas an leathanach gréasáin a nuashonrú, mol **dhá** mhodh eile ina bhféadfadh Caitríona turais scoile Fun Kidz a chur chun cinn d'fhonn díolacháin a mhéadú. Tabhair cúiseanna le do fhreagra.

Modh 1:


Cúis:

Modh 2:

Cúis:

## Ceist

Is fiontar sóisialta é FoodCloud. Ceanglaíonn FoodCloud gnólachtaí a bhfuil an iomarca bia acu le carthanais ina bpobail nach bhfuil go leor bia acu. Trí úsáid a bhaint as ardán teicneolaíochta FoodCloud, is féidir le gnólachtaí cur síos a dhéanamh ar an bhfuílleach bia atá acu. Ina dhiaidh sin, seoltar an t-eolas sin chuig carthanas mar theachtaireacht téacs. Féadfaidh an carthanas freagra a thabhairt ar an téacs chun glacadh leis an tabhartas agus ansin tig leis an bia a bhailiú ón siopa. Is foirne d'oibrithe deonacha tiomanta iad Tarrthálaithe Bia a thugann suas píosa beag ama gach mí chun cuidiú leis an gcarthanas an bia a bhailiú ón miondíoltóir agus é a thabhairt don charthanas a bhíonn ina ghátar




*Fíor: Fuarthas an t-eolas ó Changex.org, fuarthas an íomhá ó Food.Cloud*

(a) Is fiontar sóisialta é FoodCloud. Mínigh cad is brí leis an téarma **fiontar sóisialta**?

________________________________________

________________________________________

________________________________________

(b) Braitheann FoodCloud ar fhoirne oibrithe deonacha, ar a dtugtar Tarrthálaithe Bia, chun cuidiú leis na carthanais bia a bhailiú. Déan cur síos ar **dhá** dhifríocht idir fostaithe agus oibrithe deonacha.

Difríocht 1:

__________________________________________

__________________________________________

Difríocht 2:

__________________________________________

__________________________________________

(c) Déan measúnú ar bhuntáiste eacnamaíoch **amháin**, ar bhuntáiste sóisialta **amháin** agus ar bhuntáiste comhshaoil **amháin** a thugann FoodCloud do phobail áitiúla.

Buntáiste eacnamaíoch:

__________________________________________

__________________________________________

Buntáiste sóisialta:

__________________________________________

__________________________________________

Buntáiste comhshaoil:

___

___

(d) Baineann FoodCloud úsáid as ardán teicneolaíochta chun gnólachtaí a cheangal le carthanais. Déan cur síos ar bhuntáiste **amháin** agus ar chostas **amháin** a bhaineann leis an teicneolaíocht seo do FoodCloud.

Buntáiste:

___

___

Costas:

___

___

## Ceist

Tá Avonmore tar éis tús a chur le feachtas mór chun a Bhainne Próitéine a chur chun cinn. Is é an **spriocmhargadh** do Bhainne Próitéine Avonmore fir agus mná idir 15 agus 35 bliain d'aois a bhíonn an-aireach faoina sláinte. Reáchtálfar an feachtas cur chun cinn i gcomhpháirtíocht leis na heagraíochtaí spóirt, CLG (Cumann Lúthchleas Gael) agus GPA (Cumann Imreoirí Gael). Tá pacáistíocht agus fógraíocht lasmuigh, fógraíocht teilifíse agus fógraíocht ar líne san áireamh san fheachtas.

(a) Mínigh cad is brí leis an téarma **spriocmhargadh**.

__________________________________________________________

__________________________________________________________




(b) Seo í an phacáistíocht atá i gceist le cartán Bainne Próitéine de chuid Avonmore.

An dóigh leat go bhfuil an phacáistíocht éifeachtach? Tabhair **dhá** chúis le do fhreagra.

Cúis 1:

Cúis 2:


(c) Mínigh cén fáth a gceapann tú go ndéanfadh Avonmore comhpháirtíocht le heagraíocht spóirt mar an CLG chun a bhainne próitéine a chur chun cinn.

Is é an aidhm atá ag an bhfeachtas cur chun cinn de chuid Avonmore an t-éileamh atá ar a Bhainne Próitéine a mhéadú.

(d) Cad a tharlóidh do phraghas agus cainníocht soláthar an Bhainne Próitéin, dar leat, má bhíonn rath ar an bhfeachtas agus tagann méadú ar an éileamh.

Mínigh an chúis a gceapann tú go dtarlóidh sé sin.

Tarraing léaráid chun na hathruithe a bhfuil súil agat leo a thaispeáint.




Ag díriú ar thoradh/thorthaí foghlama: 2.7; 2.8; 3.3

## Ceist

Seo é an sonrasc ó Stíl Spóirt CTR. chuig Bothán Surfála Dhónaill.

STÍL SPÓIRT CTR.

# SONRASC

Karen Nic Thomáis,
Stíl Spóirt CTR.
An tSráid Mhór,
Inis Córthaidh,
Contae Loch Garman

Bothán Surfála Dhónaill,
An Phromanáid Íochtarach,
An Leacht,
Contae an Chláir

Dáta an tsonraisc: 01/01/2017
Uimhir an tsonraisc: 52
Uimhir chlárúcháin CBL: 5685
Ráta CBL a ghearrtar ar an soláthar: 23%

| CAINNÍOCHT | CUR SÍOS | PRAGHAS AONAID | MÉID (€) |
|---|---|---|---|
| 35 | Cultacha uisce | 95 | |
| 30 | Geansaithe cochallacha | 22 | |
| 40 | Flip fleapanna | 18 | |
| 40 | T-léinte | 15 | |
| | | FO-IOMLÁN (gan CBL san áireamh) | € |
| | | MUIREAR SEACHADTA | € 50.00 |
| | | LASCAINE 20% | € |
| | | CBL @ 23% | € |
| | | IOMLÁN | € |

IARMHÉID DLITE: An méid atá dlite móide CBL
Íocaíochtaí le déanamh laistigh de 30 lá ó dháta an tsonraisc
Sonraí cuntas bainc: IEFOI90689545859635
Cód sórtála: 906895
Uimhir chuntais: 45859635

(a) Bunaithe ar an eolas a thugtar, ríomh an méid airgid atá ag Stíl Spóirt CTR. ar Bhothán Surfála Dhónaill agus comhlánaigh na ríomhanna sa sonrasc a thugtar.

Taispeáin do chuid oibre sa bhosca thíos.

(b) Mínigh an cuspóir a bhaineann leis an sonrasc don díoltóir, Stíl Spóirt CTR.

(c) Mínigh dhá buntáistí a bhaineann le sonrasc leictreonach a úsáid i gcás Stíl Spóirt CTR.

Buntáiste 1:

Buntáiste 2:

### Ceist



D'oibrigh Máire Iácób le miondíoltóir mór éadaí ar feadh deich mbliana. Nuair a bhí leanbh ag Máire cúig bliana ó shin, d'aithin sí go raibh deis sa mhargadh le haghaidh éadaí agus oiriúintí pearsantaithe do leanaí.

Shocraigh Máire a gnó féin a chur ar bun ar a dtugtar 'Earraí Cniotáilte agus Ainmneacha'. Díolann an gnó hataí, scaifeanna, lámhainní, naíbhearta agus blaincéid phearsantaithe do pháistí. Is féidir le custaiméirí na dearaí atá uathu a roghnú as catalóg agus cuirtear ainm an pháiste san áireamh sna dearaí. Is é an spriocmhargadh ná tuismitheoirí ar mian leo éadaí pearsantaithe a fháil dá bpáistí nó ar mian leo bronntanais phearsantaithe a cheannach don teaghlach agus do chairde. Díoltar na táirgí i stainnín ag an margadh a bhíonn ar siúl gach seachtain ina baile mór áitiúil.

D'ullmhaigh Máire an buiséad airgid (réamhaisnéis faoi shreabhadh airgid) seo a leanas do na míonna beaga atá le teacht. Ba mhaith léi leas a bhaint as margadh na Nollag agus díolacháin an ghnó a mhéadú idir Meán Fómhair agus Nollaig. Tá sé tugtha faoi deara aici go bhféadfadh an gnó fás, maidir le hioncam ó dhíolacháin agus sciar den mhargadh. Tá sí ag lorg comhairle uaitse.

(a) Mínigh do Mháire a thábhachtaí atá sreabhadh airgid gnó a bhainistiú.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**Tábla: Buiséad Airgid (Réamhaisnéis faoi Shreabhadh Airgid)**

| | M. FÓMH. | D. FÓMH. | SAMH. | NOLL. | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|
| **FÁLTAIS** | € | € | € | € | |
| Díolacháin ar airgead síos | 4,025 | 2,700 | 4,500 | 5,750 | |
| Caipiteal | | 2,000 | | | |
| Deontas | 1,000 | 1,000 | 1,000 | 1,000 | |
| FÁLTAIS IOMLÁNA | | | | | |
| ÍOCAÍOCHTAÍ | | | | | |
| Cíos ar an stainnín | 250 | 250 | 250 | 250 | |
| Trealamh nua | | 1,750 | | | |
| Ceannacháin | 1,100 | 3,500 | 2,800 | 1,200 | |
| Pá agus forchostais | 1,000 | 1,000 | 1,000 | 1,500 | |
| Costais riaracháin | 800 | 500 | 500 | 500 | |
| **ÍOCAÍOCHTAÍ IOMLÁNA** | | | | | |
| Glansreabhadh Airgid | | | | | |
| Airgead Tosaigh | 2,000 | | | | |
| Airgead Deiridh | | | | | |

Maidir leis an Tábla (thuas), comhlánaigh an buiséad airgid (réamhaisnéis faoi shreabhadh airgid) do Mháire. Taispeáin do chuid oibre go soiléir sa spás a thugtar.

(b) Bunaithe ar bhuiséad airgid (réamhaisnéis faoi shreabhadh airgid) Mháire:

a. Mínigh gné **amháin** ina bhfuil sreabhadh airgid a gnó ag déanamh go maith.

b. Mol gné **amháin** ina bhféadfadh sreabhadh airgid a gnó a bheith níos fearr.

Tá gnó Mháire ag déanamh go maith sa ghné seo a leanas:

________________________________________

________________________________________

________________________________________

D'fhéadfadh gnó Mháire a bheith níos fearr sa ghné seo a leanas:

________________________________________

________________________________________

________________________________________

Ba mhaith le Máire a gnó a fhás maidir le hioncam ó dhíolacháin agus sciar den mhargadh. Tá sí ag iarraidh plean margaíochta a fhorbairt le go mbeidh sí in ann a cuid earraí a chur chun cinn ar bhealach níos fearr. Cinneann Máire ceistneoir a ullmhú. Tabharfaidh sí an ceistneoir do na custaiméirí a thugann cuairt ar an margadh seachtainiúil ina baile dúchais. Tá an cur chuige sin á ghlacadh aici mar gur mhaith léi a fháil amach cá bhfaigheann custaiméirí eolas faoi na hearraí agus na seirbhísí a cheannaíonn siad. Tá súil aici go mbeidh sí in ann a cuid earraí a chur chun cinn agus a fhógairt ar bhealach níos fearr de bharr an eolais sin.

(c) Ullmhaigh ceistneoir do Mháire le go mbeidh sí in ann é a thabhairt do na custaiméirí a thugann cuairt ar an margadh seachtainiúil. Bain úsáid as an bhfíor lastall agus cuir **dhá** cheist oscailte agus **dhá** cheist iata san áireamh ar a laghad.



# Earraí Cniotáilte agus Ainmneacha



## Stainnín 18: Margadh an Bhaile

**Cuir tic sa bhosca cuí:**

**1. Cén t-aoisghrúpa lena mbaineann tú?**

**(a)** **15 – 29 bliain** ☐
**(b)** **30 – 44 bliain** ☐
**(c)** **45 – 60 bliain** ☐

**2.**

______________________________

______________________________

**3.**

______________________________

______________________________

**4.**

______________________________

______________________________

**5.**

______________________________

______________________________

**6.**


______________________________

______________________________

**Táimid an-bhuíoch díot as an gceistneoir seo a chomhlánú.**

Tá Máire ag déanamh anailíse ar thorthaí a taighde. Taispeánadh an méid seo a leanas sa cheistneoir: maidir leis na custaiméirí a thugann cuairt ar an margadh seachtainiúil, cé mhéad acu a bhaineann úsáid as meáin dhifriúla chun eolas a fháil faoi earraí agus seirbhísí. Tarraingíonn sí graf dá cuid sonraí ón gceistneoir.

Seo graf ina dtaispeántar na meáin is mó úsáid i measc na gcustaiméirí, arna rangú de réir aoisghrúpa:




(d) Mol **dhá** bhealach inar féidir le Máire úsáid a bhaint as na sonraí seo óna ceistneoir chun a cuid táirgí a chur chun cinn ar bhealach níos fearr agus ioncam ó dhíolacháin agus sciar den mhargadh a mhéadú sa **ghearrthéarma**. Tabhair cúis le do mholtaí.

Moladh 1:

_______________________________________________

Cúis:

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

Moladh 2:

___

Cúis:

___

___

___

(e) Mol bealach **amháin** inar féidir le Máire úsáid a bhaint as na sonraí seo chun ioncam ó dhíolacháin agus sciar den mhargadh a mhéadú san **fhadtéarma**. Tabhair cúis le do mholadh.

Moladh:

___

___

Cúis:

___

___

___

## Ceist

Thosaigh Comhlacht Cumhachta Teach Gloine CTR. ag trádáil an 1 Bealtaine 2017. Bunaíodh an comhlacht le h**Infheistíocht Chaipitil dar luach € 25,000**. Rinne an t-úinéir, Seán Ó Caoilte, an t-airgead seo a infheistiú sa chomhlacht. Cuireadh an € 25,000 i g**cuntas bainc** an chomhlachta nua.

Rinne **Comhlacht Cumhachta Teach Gloine CTR.** na h**íocaíochtaí** seo a leanas le linn mhí an Mhárta.

***SONRASC***

ÍOCTHA

Chuig:
Cumhacht Teach Gloine CTR.
Ó: Soláthairtí Gloine CTR.
Dáta: 3 Bealtaine 2017

| Líon | Mír | Costas | CBL | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| 6 | Cliathbhoscaí | €100 | €23 | €123 |
| 4 | Boscaí | €200 | €46 | €246 |
| Iomlán: | | €300 | €69 | €369 |

E&EE — Uimhir an tSonraisc: 001

***SONRASC***

ÍOCTHA

Chuig:
Cumhacht Teach Gloine CTR.
Ó: Eddies CTR.
Dáta: 9 Bealtaine 2017

| Líon | Mír | Costas | CBL | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| 6 | Boltaí | €400 | €92 | €492 |
| 4 | Boscaí | €150 | €34.50 | €184.50 |
| Iomlán: | | €550 | €126.50 | €676.50 |

E&EE — Uimhir an tSonraisc: 002

***SONRASC***

ÍOCTHA

Chuig:
Cumhacht Teach Gloine CTR.
Ó: Eddies CTR.
Dáta: 17 Bealtaine 2017

| Líon | Mír | Costas | CBL | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| 6 | Cliathbhoscaí | €200 | €46 | €246 |
| Iomlán | | €200 | €46 | €246 |

E&EE — Uimhir an tSonraisc: 003

***BILLE CÍOSA***

ÍOCTHA

Chuig:
Cumhacht Teach Gloine CTR.
Ó: Trádstóras CTR.
Dáta: 24 Bealtaine 2017

| Líon | Mír | Costas | CBL | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| 1 | Cíos | €1000 | €130 | €1130 |
| Iomlán | | €1000 | €130 | €1130 |

E&EE — Uimhir an tSonraisc: 004

**Duillín Pá**

**Dáta: 28-05-2017**
**Ainm: Anraí Mag**

**Fhinneachta**

| | |
|---|---|
| Bunphá: | €3,300 |
| Ragobair: | €600 |
| **Pá Comhlán:** | **€3,900** |
| ÁSPC: | €400 |
| MSU: | €320 |
| Glanphá: | €3,180 |

LEID: Bain úsáid as an uimhir seo i do Leabhar Airgid

Taispeántar sna doiciméid seo a leanas na híocaíochtaí a fuair Cumhacht Teach Gloine CTR. le linn mhí na Bealtaine:

ADMHÁIL

Uimh. CBL: 5963000W
www.greenhousepower.ie

| | |
|---|---|
| Teach Gloine | €2,000 |
| Saothar | €900 |
| **IOMLÁN** | €2,900 |
| CBL | €667 |
| **Íoctha le: AIRGEAD** | €3,567 |

Dáta: 14-05-2017

ADMHÁIL

Uimh. CBL: 5963000W
www.greenhousepower.ie

| | |
|---|---|
| Teach Gloine | €4,500 |
| Saothar | €1,300 |
| **IOMLÁN** | €5,800 |
| CBL | €1,334 |
| **Íoctha le: AIRGEAD** | €7,134 |

Dáta: 21-05-2017

ADMHÁIL

Uimh. CBL: 5963000W
www.greenhousepower.ie

| | |
|---|---|
| Teach Gloine | €2,950 |
| Saothar | €1,050 |
| **IOMLÁN** | €4,000 |
| CBL | €920 |
| **Íoctha le: AIRGEAD** | €4,920 |

Dáta: 25-05-2017

ADMHÁIL

Uimh. CBL: 5963000W
www.greenhousepower.ie

| | |
|---|---|
| Teach Gloine | €3,000 |
| Saothar | €1,150 |
| **IOMLÁN** | €4,150 |
| CBL | €954.50 |
| **Íoctha le: AIRGEAD** | €5,104.50 |

Dáta: 27-05-2017

Agus tú ag baint úsáid as an eolas **AGUS** na doiciméid thuas, comhlánaigh

- an Cuntas Airgid (a)
- na hiontrálacha comhfhreagracha sa mhórleabhar ginearálta (b)

le haghaidh Chumhacht Teach Gloine CTR. do mhí na Bealtaine

le haghaidh Chumhacht Teach Gloine CTR. do mhí na Bealtaine.

(a) Cuntas Airgid

**Cuntais Airgid Miondealaithe**

| DR | | | | | CR | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Dáta | Sonraí | Banc | Sales | CBL | Dáta | Sonraí | Banc | Ceannachán | Cíos | CBL | Pá |
| 1 Bealtaine | Iarmhéid t/a | 25,000 | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | |

(b) Cuntais Mhórleabhair Ghinearálta

**Cuntas Caipitil**

| DR | | | CR | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Dáta | Sonraí | Suim | Dáta | Sonraí | Suim |
| | | | 1 Bealtaine | Cuntas bainc | 25,000 |
| 31 Bealtaine | Iarmhéid t/s | 25,000 | | | |
| | | | | | |
| | | 25,000 | | | 25,000 |
| | | | 1 Meitheamh | Iarmhéid t/a | 25,000 |

**Cuntas Ceannachán**

| DR | | | CR | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Dáta | Sonraí | Suim | Dáta | Sonraí | Suim |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |

**Cuntas Díolachan**

| DR | | | CR | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Dáta | Sonraí | Suim | Dáta | Sonraí | Suim |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

**Cuntas CBL**

| DR | | | CR | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Dáta | Sonraí | Suim | Dáta | Sonraí | Suim |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |

**Cuntas Cíosa**

| DR | | | CR | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Dáta | Sonraí | Suim | Dáta | Sonraí | Suim |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |

**Cuntas Pá**

| DR | | | CR | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Dáta | Sonraí | Suim | Dáta | Sonraí | Suim |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |

(c) Agus tú ag baint úsáid as an eolas i do Leabhar Airgid Miondealaithe agus do Mhórleabhar Ginearálta, comhlánaigh an Comhardú Trialach seo a leanas le haghaidh Chumhacht Teach Gloine CTR.

**Comhardú Trialach**

| Ainm an Chuntais: | Dochar | Sochar |
|---|---|---|
| Cuntas Caipitil | | 25,000 |
| Cuntas Bainc | | |
| Cuntas (c/s) Ceannachán | | |
| Cuntas Díolachan | | |
| Cuntas CBL | | |
| Cuntas Cíosa | | |
| Cuntas Pá | | |
| Iarmhéid | | |

(d) Mínigh na téarmaí seo a leanas:

| Téarma | Míniú |
|---|---|
| Caipiteal | |
| Leabhar Airgid Miondealaithe | |
| Sonrasc | |
| Mórleabhar Ginearálta | |
| Duillín Pá | |
| Comhardú Trialach | |

(e) Ón tuiscint atá agat ar an g**Cuntas Airgid** comhlánaithe, an gceapann tú go bhfuil an comhlacht níos fearr as ag deireadh mhí na Bealtaine? Tabhair cúis le do fhreagra.

(f) Tá Cumhacht Teach Gloine CTR. ag smaoineamh ar a thrádstóras féin a cheannach seachas ceann a fháil ar cíos. D'aimsigh Seán Ó Caoilte áitreabh nua a chosnaíonn € 125,000. D'inis a bhanc dó gur féidir leis an t-airgead a fháil ar iasacht leis an áitreabh a cheannach. € 2,000 atá i gceist leis na haisíocaíochtaí míosúla. .

Sa **ghearrthéarma**, an molfá do Chumhacht Teach Gloine CTR. an iasacht a fháil agus an t-áitreabh nua a cheannach nó leanúint ar aghaidh ag fáil ionaid ar cíos? Tabhair cúis **amháin** le do fhreagra.

Faigh iasacht agus ceannaigh áitreabh: ☐ Lean ar aghaidh ag fáil ionaid ar cíos: ☐

Cúis 1:

## Ceist

Déanann Bácús Bheircheirt CTR. sainchúram do chácaí i gcomhair breithlaethanta, póstaí agus ócáidí speisialta eile. Tógadh an Comhardú Trialach seo a leanas ó leabhair Bhácús Bheircheirt CTR. an 31 Nollaig 2016, deireadh a bhliana airgeadais. Tugtar an t-eolas seo a leanas duit amhail ar an 31 Nollaig 2016:

- Stoc deiridh € 5,000
- Dímheas: Trealamh 10% agus Mótarfheithiclí 10%

| Comhardú Trialach de chuid Bhácús Bheircheirt CTR. amhail ar an 31 Nollaig 2016 | Dr | Cr |
|---|---|---|
| | € | € |
| Díolacháin | | 111,500 |
| Ceannacháin | 50,800 | |
| Carraeireacht isteach | 240 | |
| Pá | 28,000 | |
| Fógraíocht | 9,200 | |
| Solas agus teas | 2,000 | |
| Árachas | 4,500 | |
| Guthán | 800 | |
| Stoc tosaigh | 700 | |
| Iasacht | | 30,000 |
| Banc | 10,000 | |
| Féichiúnaithe agus creidiúnaithe | 8,000 | 8,480 |
| Cúlchistí (Iarmhéid brabúis agus caillteanais) | | 17,260 |
| Scairchaipiteal eisithe: gnáthscaireanna €1 | | 100,000 |
| Trealamh | 18,000 | |
| Mótarfheithiclí | 30,000 | |
| Foirgnimh | 105,000 | |
| | 267,240 | 267,240 |

(a) Ón eolas a thugtar, comhlánaigh Ráiteas Ioncaim (Cuntas Trádála, Brabúis agus Caillteanais) le haghaidh Bhácús Bheircheirt CTR. don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016.

| Ráiteas Ioncaim Bhácús Bheircheirt CTR. don bhliain dar chríoch 31/12/2016 | | |
|---|---|---|
| | € | € |
| Díolacháin | | |
| Lúide costas díolachán | | |
| Stoc tosaigh | | |
| Ceannacháin | | |
| Carraeireacht isteach | | |
| Costas earraí ar fáil le díol | | |
| Lúide stoc deiridh | | |
| Costas Díolachán | | |
| Ollbhrabús | | |
| Lúide speansais | | |
| Pá | | |
| Fógraíocht | | |
| Solas agus teas | | |
| Árachas | | |
| Guthán | | |
| Dímheas | | |
| Speansais iomlána | | |
| Glanbhrabús | | |
| Cúlchistí | | |
| Iarmhéid brabúis agus caillteanais | | |

(b) Ó do Ráiteas Ioncaim, an dóigh leat go bhfuil cuma mhaith ar staid airgeadais Bhácús Bheircheirt CTR. i dtaca lena ioncam agus lena chaiteachas? Tabhair cúis le do fhreagra.

(c) Mol bealach amháin ina bhféadfadh Bácús Bheircheirt CTR. a staid airgeadais a fheabhsú i dtaca lena ioncam agus lena chaiteachas sa chéad tréimhse airgeadais eile. Tabhair cúis le do fhreagra.

Moladh:

Cúis:

(d) Ón eolas a thugtar, comhlánaigh Ráiteas ar an Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe) le haghaidh Bhácús Bheircheirt CTR. don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016.

| **Ráiteas ar an Staid Airgeadais de chuid Bhácús Bheircheirt CTR. amhail ar 31/12/2016** | | | |
|---|---|---|---|
| | **Costas €** | **Dímheas €** | **Glanluach de réir na leabhar €** |
| **SÓCMHAINNÍ SEASTA** | | | |
| Trealamh | | | |
| Mótarfheithiclí | | | |
| Foirgnimh | | | |
| **Sócmhainní Seasta Iomlána** | | | |
| **SÓCMHAINNÍ REATHA** | | | |
| Stoc deiridh | | | |
| Banc | | | |
| Féichiúnaithe | | | |
| **DLITEANAIS REATHA** | | | |
| Creidiúnaithe | | | |
| **Caipiteal Oibre** | | | |
| **Glansócmhainní Iomlána** | | | |
| **Maoinithe ag:** | Údaraithe | Eisithe | |
| Scairchaipiteal | 120,000 | 100,000 | |
| Cúlchistí: iarmhéid brabúis agus caillteanais | | | |
| **DLITEANAIS FHADTÉARMACHA** | | | |
| **Iasacht** | | | |
| **Caipiteal in úsáid** | | | |

(e) Ó do Ráiteas ar an Staid Airgeadais, an dóigh leat go bhfuil cuma mhaith ar staid airgeadais Bhácús Bheircheirt CTR. i dtaca lena shócmhainní agus lena dhliteanais? Tabhair cúis le do fhreagra.

(f) Mol bealach amháin ina bhféadfadh Bácús Bheircheirt CTR. a staid airgeadais a fheabhsú i dtaca lena shócmhainní agus lena dhliteanais sa chéad tréimhse airgeadais eile. Tabhair cúis le do fhreagra.

Moladh:

Cúis:

## Ceist

**Méadóidh costas eacnamaíoch na dtuilte mara agus abhann faoi thrí mura dtéitear i ngleic le hathrú aeráide, dar le tuarascáil ón gCoimisiún Eorpach**

*Irish Independent, 26 Meitheamh 2014*

Mínigh **dhá** chostas eacnamaíocha a bhaineann le tuilte do gheilleagar na hÉireann.

Costas eacnamaíoch 1:

________________________________________

________________________________________

Costas eacnamaíoch 2:

________________________________________

________________________________________

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

## Ceist

**Daonra de réir Aoisghrúpa**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Páistí** | **Réamhscoil** | **Bunscoil** | **Meánscoil** |
| | 331, 515 | 548, 693 | 371, 588 |
| | ↓ síos 7.0% | ↑ suas 8.8% | ↑ suas 7.7% |
| **Daoine fásta** | **19-24 bliana** | **25-64 bliana** | **Os cionn 65 bliana** |
| | 331, 208 | 2, 541, 294 | 637, 567 |
| | ↓ síos 6.5% | ↑ suas 1.9% | ↑ suas 19.1% |

*Fíor: Faighte ó CSO.ie, Lúnasa 2017*

Agus tú ag tagairt do na sonraí thuas, mínigh **dhá** bhealach ina bhféadfadh na sonraí sin tionchar a imirt ar **chaiteachas** an rialtais sa todhchaí.

1:

2:

## Ceist




Tá tairiscint na hÉIREANN chun Corn Rugbaí an Domhain, 2023 a óstáil seolta go hoifigiúil. Dúirt an tAire Spóirt, Seán Rosach, go bhfuil "seans fíormhaith" ann go roghnófar Éire leis an gcomórtas a óstáil.

Dúirt an tUasal Rosach go mbeadh "an-tairbhe ag baint le hóstáil na hócáide, ní hamháin don spórt ach don gheilleagar freisin mar gheall ar mhéadú ar líon na gcuairteoirí agus aird idirnáisiúnta thar cuimse." Dúirt sé freisin go gcuirfí íomhá na hÉireann thar lear chun cinn dá n-éireodh le tairiscint na tíre.

*Sliocht as an Irish Independent, Meitheamh/ Lúnasa 2017*

Níor éirigh le tairiscint na hÉireann chun Corn Rugbaí an Domhain, 2023 a óstáil. Dúirt an tAire Rosach go rachadh an ócáid chun tairbhe don gheilleagar. Mol **dhá** bhuntáiste eacnamaíocha do gheilleagar na hÉireann a bhaineann le hóstáil Chorn Rugbaí an Domhain, 2023.

Buntáiste eacnamaíoch 1:

___

___

___

Buntáiste eacnamaíoch 2:


___

___

___

## Ceist

Seo grafaic ina dtaispeántar caiteachas an rialtais de réir roinne in 2017 agus in 2018. Tá na figiúirí ina milliúin euro.




*Fíor: Faighte ó whereyourmoneygoes.gov.ie/en/2017, Deireadh Fómhair 2017*

(a) Sainaithin an roinn lena mbaineann an méadú céatadáin is mó ó thaobh chaiteachas an rialtais idir 2017 agus 2018.

Taispeáin do chuid oibre sa bhosca thíos.

(b) Roghnaigh roinn amháin. Mínigh **dhá** sheirbhís a sholáthraíonn an roinn sin don phobal.

Roinn:

Seirbhís 1:

Seirbhís 2:

## Question

**An ráta dífhostaíochta ag 6%, an pointe is ísle le naoi mbliana**

**Ráta dífhostaíochta an Stáit beagnach trí phointe faoi bhun mheánráta limistéar an euro (8.9%)**

*The Irish Times, Samhain 2017*

(a) Mínigh cad is brí leis an téarma **dífhostaíocht.**

(b) Mínigh **dhá** bhuntáiste don gheilleagar a bhaineann le ráta íseal dífhostaíochta.

Buntáiste 1:

Buntáiste 2:

**Ceist**

**Cáinaisnéis 2018: Méadú ar an ráta CBL ar leapacha gréine ó 13.5% go 23%**

**Ón 1 Eanáir 2018, méadófar an ráta CBL ar sheirbhísí leaba gréine ó 13.5% go ráta caighdeánach 23%. Tá an méadú sin ag teacht le Straitéis Náisiúnta Ailse an Rialtais.**

(a) Mínigh cad is brí leis an téarma **CBL.**

_______________

(b) Mínigh buntáiste eacnamaíoch **amháin** agus buntáiste sóisialta **amháin** a bhaineann le méadú an ráta CBL ar leapacha gréine.

Buntáiste eacnamaíoch:

_______________

_______________

_______________

Buntáiste sóisialta:


_______________

_______________

_______________

### Ceist

Seo léaráid ina léirítear an cuar éilimh agus soláthair le haghaidh Fizzy Cola. Is é P1 an praghas cothromaíochta agus is é C1 cainníocht chothromaíochta Fizzy Cola. Ó Aibreán 2018 amach, tá sé beartaithe ag an rialtas Cáin Siúcra a thabhairt isteach ar dheochanna boga fearacht Fizzy Cola.




(a) Cad a tharlóidh don phraghas agus don chainníocht de Fizzy Cola a éilítear, dar leat, má thugann an rialtas an Cháin Siúcra isteach ar Fizzy Cola in 2018.

(b) Mínigh an chúis a gceapann tú go dtarlóidh sé sin.

___

___

___

(c) Tarraing léaráid chun an t-athrú ar an bpraghas (P1) agus ar an gcainníocht de Fizzy Cola a éilítear (C1) (a mhínigh tú) a thaispeáint.

Is iomaí cuspóir a bhíonn ag rialtais nuair a athraíonn siad beartas cánach. Seo a leanas trí cinn díobh:

- Cuspóir: Ioncam an rialtais a mhéadú
- Cuspóir: Cothrom na Féinne a thabhairt do na cáiníocóirí
- Cuspóir: Tionchar a imirt ar iompar cáiníocóirí.

(d) Roghnaigh ceann **amháin** de chuspóirí an rialtais: An gceapann tú go bhfuil an cuspóir sin bainte amach ag an rialtas leis an gCáin Siúcra? Tabhair **dhá** chúis le do fhreagra.

Cuspóir:

___

Cúis 1:

___

___

___

Cúis 2:

___

___

___

## Ceist



Tá an Luas Traschathrach ar cheann de thionscadail Chaiteachais Chaipitiúil an rialtais sa Bhuiséad Náisiúnta. Cosnóidh an tionscadal seo € 368 milliún. Tá sé ar cheann de na tionscadail infheistíochta caipitil is mó atá á ndéanamh ag rialtas na hÉireann. Cuirfidh an tionscadal síneadh le trambhealach Luas i gCathair Bhaile Átha Cliath.

*Fíor: Le caoinchead ó luascrosscity.ie (Aibreán 2016)*

(a) Déan idirdhealú idir Caiteachas Caipitiúil agus Caiteachas Reatha do rialtas na hÉireann. Bain úsáid as sampla amháin den dá chineál caiteachas, seachas an Luas, chun do fhreagra a mhíniú.

Caiteachas Caipitiúil:

________________________________________

________________________________________

Sampla:

________________________________________

Caiteachas Reatha:

________________________________________

________________________________________

Sampla:

---

(b) Mínigh dhá bhuntáiste don gheilleagar a bhaineann leis an Luas Traschathrach. Tabhair cúiseanna le do fhreagra.

Buntáiste 1:

---

---

Buntáiste 2:

---

---